Onóir is Omós do Raifteirí

D'éirigh go hiontach le Féile Raifteirí i gCreachmhaoil ag deireadh na seachtaine seo chaite. Caithfidh a rá go raibh sé seo ar cheann de na príomhimeachtaí móra a bhí ar chlár Oirthear na Gaillimhe mar chuid de Sheachtain na Gaeilge

Cheana féin, tá pleananna curtha ar bun ag díriú ar fhorbairtí breise le haghaidh an bhliain seo chugainn. Ní amháin go bhfuil sé i gceist cur leis an réimse leathan imeachtaí ach is cosúil gur mhaith le muintir Oirthear na Gaillimhe cur le fad an fhéile chomh maith.

Thosaigh imeachtaí dheireadh na seachtaine le seisiún ceoil faoi phortráid Raifteirí i dteach tábhairne Cheevers. Ar an tSatharn, tháinig slua le chéile taobh l'uaigh Raifteirí le cluas a thabhairt l'éisteacht l'óráid Phádraig Ó Ceallaigh, príomhoide agus staraí áitiúil.

Bhí ceardlanna éagsúla eagraithe an tráthnóna sin i Halla Creachmhaoil; ceardlanna ar an fhidil faoi stiúir Breeda Keville is Paul Bradley agus d'éirigh go hiontach leis an cheardlann ar an tsean-nós le Treasa Ní Cheannabháin go háirithe. Gan amhras, cuireadh béim faoi leith ar amhráin Raifteirí.

Thug an Dr. Nollaig Ó Muraíle léargas iontach ar shaol agus ar shaothar Raifteirí agus léacht aige ar an ábhar an tráthnóna sin fosta.

Chuir Ceolchoirm Mhór in onóir Raifteirí clabhsúr l'imeachtaí an Fhéile. Bhí Meaitie Jó Shéamais RTÉ RnaG mar fhear a' Tí agus réimse breá ceoltóirí, rinceoirí agus amhránaithe ar ardán. I measc na ceoltóirí bhí Nóirín Ní Ghrádaigh, Ian Rafferty, Máire O'Keefe, Paul Bradley, Maureen Fahy, Claire agus Breeda Keville, John Joe Tuttle agus muintir Uí Fhathaigh fosta. Bhí Seosamh Ó Cuaig RTÉ RnaG i láthair l'aithris a dhéanamh ar fhilíocht Raifteirí agus aistriúcháin Chríostóir Uí Fhloinn léite ag Brenda McGregor. Chas Treasa Ní Cheannabháin agus Naisirín Elsafty roinnt amhráin Raifteirí le linn na hoíche chomh maith.

Rinne Comhaltas Ceoltóirí Éireann taifeadadh speisialta den cheolchoirm agus is cinnte go mbeidh sé mar sheoid sa chártlann ceoil sa todhchaí.

Roinnt den tslua a tháinig le chéile ag uaigh Raifteirí le cluas a thabhairt l'éisteacht don Staraí áitiúil Pádraig Ó Ceallaigh.

D'fhreastail scaifte maith ar cheardlann ceoil ar an fhidil le Paul Bradley le linn Fhéile Raifteirí i gCreachmhaoil, Co. na Gaillimhe.

John Joe Tuttle i gcuideachta mhuintir Uí Fhathaigh a bhí i measc na ceoltóirí iontacha a bhí ar ardán le linn na ceolchoirme in ónóir do Raifteirí.

Raftery Returns with Honour

The Raftery Festival held in Craughwell over the weekend 9-10 March proved to be a great success with plans already being put in place to organize next year's events with plans to extend the range of activities and duration of the festival.

The festival started on the Friday evening with a music session under the portrait of Raftery in Cheever's pub.

On Saturday, a crowd gathered to listen to local historian and schoolmaster, Pat Kelly as he conducted a heritage tour at the cemetery at Killeeneen, where Raftery and a number of other famous personages lie.

A number of workshops were organised and well attended in Craughwell's Community Hall. Fiddle workshops were under the guidance of Breeda Keville and Paul Bradley, both well renowned and accomplished musicians. Treasa Ní Cheannabháin took charge of a sean-nós singing session with a particular emphasis of the songs of Raftery- all of these workshops proved to be very popular and worthwhile for those attending.

In the Community Hall that evening, Dr. Nollaig Ó Muraíle of NUI Galway gave a lecture on the life and works of Raftery giving quite an insight into the complex character of the poet.

The festival concluded, quite appropriately, with a celebration of music, song and poetry in honour of Raftery in the Community Hall. Meatie Jó Shéamais Ó Fátharta RTÉ RnaG was Fear a' Tí for the night, hosting an excellent line-up of musicians Nóirín Ní Ghrádaigh, Ian Rafferty, Paul Bradley, Maureen Fahy, Claire and Breeda Keville, Máire O'Keefe, Uná Ní Fhlanagáin, Fahy Family with local Comhaltas Ceoltóirí Éireann will also taking to the stage music. Seosamh Ó Cuaig, another broadcaster with RTÉ RnaG read some of Raftery's poetry with English translations provided by Brenda McGregor. Treasa Ní Cheannabháin and Naisirín Elsafty sang a number of songs in tribute to Raftery. This concert was recorded especially by Comhaltas Ceoltóirí Éireann and will surely be a treasure among the archives.

Cuireadh spéis iontach sa léacht a thug an Dr. Nollaig Ó Muraíle nuair a thug sé léargas ar shaol is ar shaothar Raifteirí.

Úna Ní Fhlannagáin lena cláirseach a sheinn píosaí iontacha le linn na ceolchoirme in onóir do Raifteirí.